**Cuntas Leithreasa 2016**

# Vóta 26

# Oideachas agus Scileanna

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 26, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna, do sheirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige, agus chun deontais áirithe a íoc.

Déantar an toradh ar chaiteachas a chur i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2016 lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair do chaiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €14.65 milliún a thabhairt suas don Státchiste.

Is cuid de na cuntais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-6.

***Struchtúr cuntas leithreasa***

Tugtar cuntas sa chaiteachas ar sheirbhísí oideachais sa bhliain 2016 faoi Vóta 26 i gceithre phríomhearnáil na bhfo-mhírcheann agus clúdaíonn sé idir chaiteachas reatha agus chaiteachas caipitil.

Thairis sin, sonraítear na costais riaracháin faoi earnálacha ar leith chomh maith le hiad a chionroinnt ar cheithre earnáil an chaiteachais, i gcomhréir leis an gcur chuige um buiséadú feidhmíochta a tugadh isteach i gcomhair na ranna Rialtais go léir.  Is mar seo a leanas atá na ceithre chlár:

- Clár A – a fhónann d'oideachas an chéad leibhéil, d'oideachas an dara leibhéal agus don oideachas sna luathbhlianta.
- Clár B – a fhónann don fhorbairt scileanna
- Clár C – a fhónann don ardoideachas
- Clár D – a fhónann do sheirbhísí caipitil.

Déantar leithreasaí i gcabhair a thugtar chun cuntais i raon na bhfo-mhírcheann E.1 go E.5 a fhritháireamh in aghaidh ollchaiteachas na Roinne.

***Athchóiriú ar an earnáil phoiblí***

Mar fhreagairt ar an sainordú a soláthraíodh i bPleananna an Rialtais d'Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, a foilsíodh i 2011 agus 2014, chuir an Roinn a Phleananna Comhtháite um Sheachadadh Athchóirithe agus Plean Seirbhísí Comhroinnte i dtoll a chéile do 2014-2016.

Moltar sa Phlean Seirbhísí Comhroinnte go bhfuil páirt ghníomhach ag an Roinn i dtabhairt isteach seirbhisí traidisiúnta comhroinnte don tStátseirbhís agus geallann sé imscrúdú a dhéanamh ar gach deis do thionscnaimh seirbhísí comhroinnte san earnáil iomlán oideachais agus oiliúna.

Is iad seo a leanas na príomhthionscadail a ndearnadh dul chun cinn iontu i 2016:

- Seirbhísí Comhroinnte Párolla d'earnáil na mbord oideachais agus oiliúna. Shroich an tionscadal céim an mhiondearaidh i 2016 lena n-áirítear mionriachtanais, cur chuige soláthair agus straitéisí feidhmithe a chur i dtoll a chéile. Bhí an cur chun feidhme le tosú i 2017.
- Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais d'earnáil na mbord oideachais agus oiliúna. Críochnaíodh cás gnó an tionscadail i 2015. I rith 2016, cuireadh tú le mionriachtanais agus dearadh a cheapadh, agus cuireadh réitigh idirlinne le haghaidh ríomhshonrascadh agus soláthar i bhfeidhm. Ceapfar an cur chuige soláthair agus straitéisí feidhmithe i 2017.
- Seirbhísí Comhroinnte Acmhainní Daonna/Párolla don earnáil ardoideachais. Críochnaíodh cás gnó an tionscadail i 2015. I rith 2016, rinneadh dul chun cinn ar na comhchórais acmhainní daonna/párolla a uasghrádú mar ullmhúchán do chéad chéim eile an tionscadail.
- Leanadh i 2016 de thionscnaimh soláthair a fhorbairt chun tacú le samhail soláthair Oifig an Rialtais. I 2017 scrúdóidh an Roinn conas na tionscnaimh seo a fhorbairt tuileadh chun seirbhís aonair soláthair a chur ar fáil don earnáil oideachais.

***Athchóiriú na mBord Oideachais agus Oiliúna/SOLAS***

Is bord cláir a rialaíonn agus a thacaíonn le Clár Athchóirithe ETB/SOLAS, atá comhdhéanta de 17 dtionscadal aonair. Is mise atá i gceannas ar an mbord seo i mo cháil mar Ard-Rúnaí agus áirítear le ballraíocht an bhoird daoine de bhuíon ardbhainistíochta na Roinne mar aon le hArd-Rúnaí Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann, Ard-Stiúrthóir SOLAS agus na Príomhfheidhmeannaigh ar dhá Bhord Oideachais agus Oiliúna.

Bhí an chumraíocht leanúnacha ar na ETBanna ar siúl i gcónaí i 2016 agus sroicheadh roinnt príomhspriocanna i 2016 lena n-áirítear struchtúr nua eagraíochtúil do ETBanna a chur chun feidhme, aistriú feidhmeanna a thabhairt chun críche agus ceangal nua líonra rialtais a thabhairt isteach i bhformhór na n-ardoifigí agus na n-ionad oiliúna ETB.

Déanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais na ETBanna agus SOLAS.

## Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla***

Tuairiscítear ar cheangaltais chaipitil atá infheidhmithe le dlí ag an tairseach €12.7 milliún (S14/03/06) faoi cheadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Sócmhainní nach bhfuil faoi rialú díreach na Roinne***

Sócmhainní nach bhfuil faoi rialú díreach na Roinne, ní áirítear iad mar shócmhainní chun críocha an Ráitis faoi shócmhainní caipitil ach déantar tagairt dóibh ar mhodh nóta leis na cuntais (F7/11/94).

## Ráiteas ar an Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

***Freagracht as córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais***

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoinnítear córas éifeachtach rialaithe inmheánach airgeadais agus go gcuirtear i bhfeidhm é sa Roinn/Oifig.

Feidhmítear an fhreagracht seo i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil chugam agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní fhéadann córas rialaithe inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil na sócmhainní dá gcosaint, na bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go ndéanfaí é a bhrath go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea é córas rialaithe inmheánacha airgeadais a choimeád agus coimeádtar an córas agus a éifeachtaí ata sé faoi athbhreithniú leanúnach.

***An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm sa timpeallacht rialaithe:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun cliseanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go ndéantar beart cuí ceartúcháin.
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm faoin tslí le mo fhreagrachtaí as an gcóras inmheánach rialaithe airgeadais a chomhlíonadh.

***Iniúchadh Inmheánach, Iniúchadh ar Chiste Sóisialta na hEorpa agus an Coiste Iniúchóireachta***

Ullmhaítear cláir bhliantúla iniúchóireachta faoi choimirce Choiste Iniúchóireachta na Roinne agus tuairiscíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa (a chinntíonn comhlíonadh cheanglais rialála an Aontais Eorpaigh maidir le bainistíocht, le rialú agus le hiniúchadh na bhfeidhmeanna dá leithéid in Éirinn) don Choiste ar fheidhmiú na gclár seo agus ar chríochnú na dtuarascálacha iniúchóireachta. I 2016, críochnaíodh dhá cheann déag de thuairiscí Chiste Sóisialta na hEorpa agus de thuarascálacha iniúchta inmheánacha. Déanann an dá aonad rianú ráithiúil ar an dul chun cinn a dhéantar ó thaobh na moltaí a eascraíonn ó na tuarascálacha iniúchóireachta a chur i ngníomh.

Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta, an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa faoi Chairteacha scríofa ar leith.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh dualgais agus córas tarmligean agus cuntasachta agus deimhním na nithe seo a leanas, go háirithe:

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann le buiséad bliantúil atá faoi athbhreithniú leanúnach ag an ardbhainistíocht.
- Déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a nochtann feidhmiúlacht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- tá córas bainistithe rioscaí i bhfeidhm sa Roinn
- tá córais ann a fhéachann le slándáil na gcóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí ann maidir le rialú infheistíochtaí caipitiúla agus disciplín foirmiúil bainistíocht tionscadail,

***Soláthar Poiblí***

Féachann an Roinn le féachaint chuige gurb ann do bhéim chuí ar an dea-chleachtas ó thaobh an cheannaigh de agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm ó thaobh na treoirlínte ábhartha go léir a chomhlíonadh. Tá an Roinn comhlíontach le gach treoirlíne ábhartha i dtaca leis an soláthar, seachas i gcás soláthair ar luach iomlán €1.47 milliún, a dhéantar as na rudaí seo a leanas:

- bhí ceithre cinn is fiche de sheirbhísí agus de cheannacháin arb é a luach iomlán conartha ná €102,728 i bhfeidhm nó cuireadh síniú leis na conarthaí i 2016 gan dul i dtuilleamaí próisis chuí ó thaobh an tsoláthair de
- rinneadh sé chonradh sa raon luacha €25,000 go €60,000, ceithre chonradh sa raon luacha €100,000 go €200,000 in aghaidh na bliana, agus conradh amháin sa raon luacha €500,000 in aghaidh na bliana a ghlacadh ar láimh gan próiseas iomaíoch agus cuireadh sonraí ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa tuairisceán faoi Imlitir 40/2002.

Tharla na heisceachtaí seo ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear síneadh conartha ag feitheamh le bunú na socruithe lárnaithe seirbhíse poiblí, soláthar soláthraí aonair/theoranta agus leanúnachas gnó. Tá gach cás á choimeád faoi athbhreithniú gníomhach agus tá bearta á ndéanamh nuair a bhíonn sin indéanta.  Ina theannta sin, tá an Roinn páirteach go réamhghníomhach sa chlár athchóirithe soláthair agus tá sí ag tapú na deise ar chonarthaí láraithe agus ar chreataí láraithe a úsáid san áit ar cuí sin.

***Ráthaíochtaí ar sheirbhísí comhroinnte***

Cuireann an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Is é Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an tOifigeach Cuntasaíochta maidir le Vóta 18 agus is é/í atá freagrach as oibriú na rialaithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Tá próiseas iniúchóireachta curtha i bhfeidhm ag an Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte chun dearbhú neamhspleách ar oibriú na rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte a sholáthar. Is gnólacht cuntasóirí a dhéanann na hiniúchtaí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta do Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402) atá ceaptha chun tuairisciú do ranna úsáideora agus dá n-iniúchóirí ar na rialaithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte.

Cuimsíonn an t-iniúchadh (i) measúnú ar ullmhacht chun rioscaí agus rialaithe gaolmhara a shainaithint agus anailís ar bhearnaí a sholáthar, arna leanúint le (ii) tuairisc ar dhearadh agus cibé an ann nó as do rialaithe, agus (iii) tuarascáil bhliantúil ar cibé an oibrítear na rialaithe go héifeachtach.

Tá litir dhearbhúcháin faighte agam ón Oifigeach Cuntasaíochta do sheirbhisí comhroinnte ina ndéanann sé cur síos ar an dul chun cinn ó thaobh próiseas dearbhaithe iniúchta a chur chun feidhme agus táim ag súil le tuairisc ar thorthaí na n-iniúchtaí ar dhearadh agus oibriú na rialaithe, agus cibé an ann nó as dóibh, mar atá leagtha amach sa litir sin.

Is údar dearbhaithe dom an córas rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte, faoi mar a thuairiscigh an tOifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte dom é.

***Priacail shuntasacha airgeadais***

Leanann an Roinn de bheith ag féachaint do phriacail shuntasacha airgeadais agus do phriacail shuntasacha eile trí bhíthin Chlár Priacal na Roinne. Is cáipéis bheo an Clár agus cuirtear bord ar bhord é le priacail nua a aithnítear nó le hathraithe ar phriacail reatha. Baineann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí feidhm as an gClár ó thaobh measúnú a dhéanamh ar an bpriacal laistigh de ghníomhartha iniúchóireachta na Roinne chun cuidiú leis i dtaca lena acmhainní a dhíriú ar iniúchadh na bpriacal is mó atá faoin Roinn.

***Bainistíocht priacal***

De réir a Chreat Rialachais Chorparáidigh, bhunaigh an Roinn Coiste Priacal sa chéad ráithe de 2016. Is fochoiste den Bhord Bainistíochta atá sa Choiste Priacal agus tá sé comhdhéanta de roinnt Ard-Rúnaithe Ionaid/Cúnta, ceannasaithe ar aonaid ghnó a bhfuil priacail shuntasacha sainaitheanta acu ar chlár priacal na Roinne mar aon le sain-ionadaí seachtrach a ainmníonn an Bord Bainistíochta.

Is é ról an Choiste Priacail comhairle a chur ar an mBord Bainistíochta maidir le straitéis bainistíochta priacal agus ar conas creat cuí beartas, nósanna imeachta agus córas a fhorbairt agus a mhaoirseacht chun tacú le bainistíocht éifeachtach na rioscaí laistigh den Roinn.

I rith 2016, rinne an Coiste Priacal maoirseacht ar fhorbairt Choiste Bainistíochta Priacal agus ar Ráiteas um Fhonn Priacail don Roinn Oideachais agus Scileanna le ceadú go luath i 2017.

***Creat rialachais chorparáidigh***

I rith 2016, bhí an ROS ag obair i gcónaí chun cur le cumas rialachais na Roinne. D'fhorbair an Roinn creat rialachais chorparáidigh go comhuaineach le foilsiú i Samhain 2015 Chaighdeán Rialachais Chorparáidigh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don tStátseirbhís. Foilsíodh creat na Roinne in Aibreán 2016 agus déantar cur síos ann ar príomhshonraí phróisis, struchtúir agus nósanna imeachta rialachais na Roinne.

Nuair a foilsíodh caighdeáin rialachais ar fud na Státseirbhíse, tháinig baill foirne lena mbaineann sa Roinn le bheith ina mbaill den Fhóram Rialachais do Státseirbhísigh agus Seirbhísigh Phoiblí. Is é an Foras Riaracháin a reáchtálann an fóram, a chuireann dea-rialachas chun cinn chun leasa an phobail agus a chabhraíonn leis an Roinn trí chomhairle, faisnéis agus tacaíochtaí tráthúla a chur ar fáil leis an dea-rialachas a bhreisiú.

***Rialachas corparáideach na hearnála oideachais***

Ag éirí as obair ar cuireadh tús léi i 2014/2015, d'oibrigh an Roinn i 2016 chun neartú a dhéanamh ar a chur chuige i leith rialachas a bhainistiú ar fud na hearnála oideachais. Is é Coiste Boird Bainistíochta ar Rialachas agus Cuntasacht Earnála a threoraíonn an mhaoirseacht ar rialachas. Breithníonn agus ceadaíonn an coiste cineálacha cuir chuige i leith ról maoirseachta na Roinne a bhreisiú i dtaca leis comhlachtaí agus an earnáil oideachais i gcoitinne. Anuas ar sin, le linn 2016 agus an chéad chuid de 2017, rinneadh Aonad Rialachais Earnála na Roinne dul chun cinn suntasach ó thaobh rialachas corparáideach a bhreisiú trí chlár píolótach oibre a thosaigh le sraith seiceálacha comhlíonta rialtais ar chomhlachtaí atá faoi shainordú na Roinne. Meastar go dtabharfar an obair ar chuid a haon den phróiseas athbhreithnithe chun críche go luath sa dara ráithe de 2017.

Ag éirí as Cód Cleachtais athcheartaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit a fhoilsiú i Lúnasa 2016, d'oibrigh an Roinn leis an bhForas Riaracháin chun oiliúint a chur ar fhoireann na Roinne le cinntiú gur féidir leis an Roinn agus a cuid gníomhaireachtaí na coinníollacha breisithe maoirseachta, atá leagtha amach i gCód 2016, a shásamh, áit is cuí. Anuas ar sin, tá an Roinn ag obair chun an leibhéal dul chun cinn atá á dhéanamh ag comhlachtaí stáit neamhthráchtála maidir lena gcumas cloí le Cód 2016 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a dhéanamh amach.

Tá an Roinn ag obair i gcónaí ar dhul chun cinn a dhéanamh i dtaca le socruithe urrúnta tuairiscithe a fhorbairt lena comhlachtaí agus lena gníomhaireachtaí chun feidhmíocht agus rialachas na gcomhlachtaí agus na ngníomhaireachtaí sin a bhainistiú. Cuimsíonn an obair sin cur chuige ina ndírítear ar thorthaí agus aschuir agus áirítear air táscairí lánbhríocha feidhmíochta le cinntiú go n-úsáidtear acmhainní go héifeachtach chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar don phobal.

***An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015***

Tháinig an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2015. Ceanglaítear faoin Acht ar gach roinn Rialtais oifigigh áirithe i ngach roinn a ainmniú mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe chun gur féidir le príomhoifigigh den Roinn dul i gcaidreamh le daoine a d'fhéadfaí a shainiú mar bhrústocairí.

Foilsíonn an ROS liosta de na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe ar fad sa Roinn ar a shuíomh Gréasáin agus tugtar gach Oifigeach Poiblí Ainmnithe chun dáta gach ceithre mhí maidir le gníomhaíocht bhrústocaireachta sa tréimhse sin atá cláraithe ar www.lobbying.ie. Anuas ar sin, foilsíonn an roinn ar a shuíomh Gréasáin ballraíocht agus sonraí chruinnithe na gcoistí agus na ngrúpaí oibre lena mbaineann atá díolmhaithe faoi Chód Trédhearcachta an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015

***An tAcht um Nochtadh faoi Chosaint, 2014***

I 2016, chuir an Roinn treoir agus nósanna imeachta inmheánacha ar fáil d'úsáid ranna nuair a fhaightear nochtadh a d'fhéadfadh a bheith ina nochtadh faoi chosaint sa Roinn. Cuireadh oiliúint ar bhaill foirne ar leibhéal Phríomhoifigigh agus a chomhionann i ráithe a dó de 2016 ar an tslí le treoir na Roinne a oibriú.  Is é Aonad Rialachais Chorparáidigh na Roinne atá freagrach as nochtaí a thaifead agus a rianú agus bíonn idirchaidreamh ann idir é agus an tAonad Iniúchta Inmheanaigh agus an Bord Bainistíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas seo. Foilsítear tuarascáil gach bliain ar shuíomh Gréasáin na Roinne ina ndéantar cur síos ar gach nochtadh a fuarthas sa Roinn, agus ar a stádas.

***Bainistíocht sonraí***

Chuir an Roinn straitéis nua sonraí i dtoll a chéile i 2016 ionas gur féidir an úsáid is fearr is féidir a bhaint as sonraí chun tacú le forbairt agus cur chun feidhme an bheartais oideachais agus a bheith mar bhonn eolais faoi. Foilsíodh an straitéis sa chéad ráithe de 2017.

Ceithre phríomhchuspóir atá sa straitéis nua, mar atá:

- cumas agus acmhainneacht sonraí (foirne agus eagraíochtúil) a mhéadú
- bainistíocht sonraí a neartú
- comhoibriú maidir le sonraí a neartú
- úsáid agus luach sonraí a uasmhéadú

Tacóidh gach ceann de na chéad trí chuspóir le baint amach an cheathrú ceann. Is é an aidhm úsáid sonraí a bharrfheabhsú chun gur féidir linn ceann a thógáil do riachtanais foghlaimeoirí, na sochaí agus an gheilleagair, riachtanais atá ag athrú i gcónaí, ar shlí oscailte chuntasach, dúshláin a bheidh romhainn sa todhchaí a réamhinsint agus a thuas agus acmhainní a dhíriú go cruinn, agus dá bharr sin, cabhrú chun torthaí níos fearr oideachais a bhaint amach.

**Seán Ó Foghlú**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais agus Scileanna

5 Meán Fómhair 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 26 Oideachas agus Scileanna

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 26 Oideachas agus Scileanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaiodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Alt 22 den Acht um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iallach orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iallach orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó

- na gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina maíonn said a bheith curtha í gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn an m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh mhaith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 26 Oideachas agus Scileanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na miniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Oideachas agus Scileanna. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2017

# Vóta 26 Oideachas agus Scileanna
## Cuntas Leithreasa 2016

| | | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A | Oideachas Céad, Dara Leibhéal agus Luathbhlianta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 6,283,086 | | | |
| | | *Forlíontach* | 7,000 | 6,290,086 | 6,258,807 | 6,220,665 |
| B | Forbairt scileanna | | | 339,834 | 336,212 | 329,636 |
| C | Ardoideachas | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,514,937 | | | |
| | | *Forlíontach* | 11,000 | 1,525,937 | 1,535,860 | 1,521,826 |
| D | Seirbhísí caipitil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 572,105 | | | |
| | | *Forlíontach* | 100,000 | 672,105 | 682,575 | 654,585 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,709,962 | | | |
| | | *Forlíontach* | 118,000 | **8,827,962** | **8,813,454** | **8,726,712** |
| *Asbhain* | | | | | | |
| E | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 505,309 | | | |
| | | *Forlíontach* | (18,000) | | | |
| | | | | **487,309** | **487,448** | **548,816** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | | |
| | | *Bunaidh n* | 8,204,653 | | | |
| | | *Forlíontach* | 136,000 | | | |
| | | | | **8,340,653** | **8,326,006** | **8,177,896** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barraíocht na méideanna dá ndéantar soláthar thar an ghlanmhéid dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas le géilleadh | 14,646,701 | 9,228,648 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 58,450 | 56,649 | 56,436 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,670 | 1,443 | 1,470 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,317 | 1,072 | 2,381 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,800 | 2,150 | 1,930 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha IT | 5,794 | 5,116 | 4,850 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,600 | 1,603 | 1,376 |
| vii | Comhairleacht agus seirbhísí eile | 130 | 125 | 151 |
| viii | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | 18,250 | 16,848 | 17,250 |
| | | 89,011 | 85,006 | 85,844 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas ar chúrsaí riaracháin | | 85,006 | 85,844 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus cláir | | 8,728,448 | 8,640,868 |
| **Ollchaiteachas** | | **8,813,454** | **8,726,712** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasa i gcabhair** | | **487,448** | **548,816** |
| **Glanchaiteachas** | | **8,326,006** | **8,177,896** |
| **Athraithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (28,092) | | |
| Dímheas | 780 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 3 | (27,309) | (7,527) |
| **Athraithe maidir le sócmhainní faoi fhorbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | (112,125) | (84,046) |
| **Athraithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (15,704) | | |
| Méadú ar stoc | (26) | | |
| | | (15,730) | 1,291 |
| **Caiteachas díreach** | | **8,170,842** | **8,087,614** |
| **Caiteachas a iompraíodh áit éigin eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí measctha (nóta 1.1) | | 27,162 | 25,829 |
| Cíosanna barúlacha | | 4,073 | 3,898 |
| **Glanchostas cláir** | | **8,202,077** | **8,117,341** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 26 a iompraíodh in áit eile.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 249 | 243 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 19,531 | 19,405 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,743 | 5,021 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte | 1,358 | 809 |
| Ciste Lárnach - Pinsin na nAirí | 281 | 351 |
| | **27,162** | **25,829** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 98,498 | 71,357 |
| **Sócmhainní caipitil faoi fhorbairt** | 2.3 | 140,121 | 82,364 |
| | | **238,619** | **153,721** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic [a] | | 147 | 121 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 16,942 | 1,014 |
| Ró-íocaíochtaí i leith aisghabhála | 5.5 | 6,051 | 6,825 |
| Aisghabháil chostais na foirne ar iasacht | | 151 | 141 |
| Méideanna dlite ón AE | | 23 | 15 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 2,205 | 3,573 |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 22,707 | 72,520 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **48,226** | **84,209** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 17,048 | 10,924 |
| Ioncam iarchurtha | | — | 13 |
| Aisghabháil tuarastail chuig ranna agus gníomhaireachtaí eile | | 48 | — |
| Réamhíocaíochtaí a fuarthas ón AE | | 13,767 | 46,279 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 788 | 26,448 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 10,380 | 3,381 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **42,031** | **87,045** |
| **Glansócmhainní / (dliteanais) reatha** | | **6,195** | **(2,836)** |
| **Glansócmhainní** | | **244,814** | **150,885** |
| **Arna n-ionadú ag:** | | | |
| **Cuntais maoinithe an Stáit** | 2.1 | **244,814** | **150,885** |

[a] Stoc comhdhéanta de pháipéarachas €87,000 (2015: €63,000) agus nithe in-úsáidte IT €60,000 (2015: €58,000).

| **2.1 Cuntais Maoinithe an Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 150,885 | 188,625 |
| | | | | |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 8,340,653 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (14,647) | | |
| Glanvóta | | | 8,326,006 | 8,177,896 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead) a iompraíodh in áit éigin eile | 1 | | 27,162 | 25,829 |
| Caiteachas neamhairgid - cíos barúlach | 1 | | 4,073 | 3,898 |
| Míreanna eile neamhairgid* | 2.2 | | (61,235) | (128,022) |
| Glanchostas cláir | 1 | | (8,202,077) | (8,117,341) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **244,814** | **150,885** |

[a] Baineann na míreanna neamhairgid le nósanna cuntasaíochta do dhiúscairt na Roinne i gcás sócmhainní foirgníochta a luacháladh ag €63.02 milliún agus aistriú réadmhaoine a luacháladh ag €1.785 milliún chuig an Roinn faoin gcomhaontú slánaíochta sásaimh.

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | **Talamh agus foirgnimh** | **Troscán agus feisteas** | **Trealamh oifige** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 69,726 | 7,465 | 17,781 | 94,972 |
| Breiseanna | 88,204 | 24 | 2,716 | 90,944 |
| Diúscairtí[a] | (63,020) | (3) | (210) | (63,233) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 94,910 | 7,486 | 20,287 | 122,683 |
| | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | — | 7,192 | 16,423 | 23,615 |
| Dímheas i leith na bliana | — | 60 | 720 | 780 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (3) | (207) | (210) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2016 | — | 7,249 | 16,936 | 24,185 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **94,910** | **237** | **3,351** | **98,498** |
| | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **69,726** | **273** | **1,358** | **71,357** |

[a.] Caitheann an Roinn le haistriú rialú sócmhainne chuig údarás scoile sa chuntas seo mar dhiúscairt do chuspóírí cuntasaíochta. Níos aistríodh an úinéireacht. Seo a leanas na scoileanna a aistríodh i rith 2016:

| Ainm na Scoile | Luacháil<br>€ |
|---|---|
| Gaelscoil Thulach na nÓg, Dún na Bóinne, Co. na Mí | 5,595,756 |
| Scoil Náisiúnta an Iomaire, An Choill Mhór, Contae na Gaillimhe | 2,744,063 |
| Scoil Náisiúnta Oideachas le Chéile Thulaigh Mhóir, Contae Uíbh Fhailí. | 4,432,962 |
| Scoil Oideachas le Chéile Chill Mhantáin, Baile an Oiriún, Contae Chill Mhantáin | 5,845,789 |
| Scoil Caitlín Maude, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 5,101,985 |
| Bunscoil na Cabraí, Baile Átha Cliath 7. | 4,273,140 |
| Scoil Náisiúnta Oideachas le Chéile na hEascrach, Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath. | 1,953,000 |
| Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Corbán, Nás, Co. Chill Dara | 81,667 |
| Gaelscoil Mhainistir na Corann, Mainistir na Corann, Contae Chorcaí | 3,771,297 |
| Scoil Náisiúnta Chaomháin Torrchoill, Torrchoill, Loch Garman | 10 |
| Coláiste Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha, Contae Lú | 14,790,440 |
| Coláiste Naomh Aingeal, Cnoc Phádraig, Corcaigh | 14,036,929 |
| Meánscoil Iognáid Rís, Nás, Contae Chill Dara | 163,333 |
| Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig/Scoil Bríd Naofa, Béal an Átha Móir, Co. Liatroma | 230,000 |
| **Iomlán** | **63,020,371** |

**Nóta Ginearálta Faisnéise**

**1. An Chéad Leibhéal**

1.1 Ba é 3,252 líon iomlán na scoileanna náisiúnta a bhí ag obair ag 31 Nollaig 2016. Cé is moite de 1.3 (i) go 1.3 (iii) thuas, scoileanna sainchreidmheacha is ea a bhformhór agus tá siad faoi úinéireacht an údaráis dheoisigh ábhartha.

1.2 Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna 59 láithreán an chéad leibhéil agus tá siad á rialú/mbainistiú ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

1.3 (i) Tá 72 Gaelscoil agus 33 scoil ilchreidmheach ag feidhmiú ar láithreáin, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, i gcóiríocht bhuan nó i gcóiríocht shealadach agus á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta. Tá tri cinn de phobalscoileanna náisiúnta ag feidhmiú ar láithreáin, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, i gcóiríocht bhuan nó i gcóiríocht shealadach agus á rialú/mbainistiú ag bainisteoir amháin arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna, ag feitheamh ar bhord bainistíochta a bheith ceaptha.

1.3 (ii) Tá ceithre láithreán il-sainchreidmheacha agus láithreán agus foirgnimh do scoil Chaitliceach amháin i seilbh an Aire Oideachais agus Scileanna faoi chomhaontuithe léis fhadtéarmaigh ach déanann boird bhainistíochta iad a rialú/a bhainistiú.

1.3 (iii) Tá naoi modhscoil, ar leis an Stát iad nó atá léasaithe ag an Stát, á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta.

1.4 Tar éis achtú Acht na Leanaí 2001, bhí scoil choinneála amháin dílsithe i gcónaí san Aire Oideachais agus Scileanna. Tá an scoil seo á aistriú faoi láthair chuig an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla). Bord bainistíochta is ea a bhainistíonn an scoil.

1.5 Tá an tAire ar dhuine de bheirt ráthóirí Middletown Centre for Autism (Holdings) Limited,comhlacht atá teoranta ag ráthaíocht, ar leo agus a choinníonn réadmhaoin i gCo. Ard Mhacha, a úsáidtear le haghaidh Middletown Centre for Autism.

**2. Dara leibhéal**

2.1 Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna 25 láithreán i gcomhair scoileanna dara leibhéal agus tá siad seo á rialú/mbainistiú ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

2.1(i) Tá 14 scoil chuimsitheacha, 82 phobalscoil agus ceithre mheánscoil, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta.

2.1(ii) Tá 240 gairmscoil dílsithe i mboird oideachais agus oiliúna faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

2.1(iii) Tá 370 meánscoil faoi úinéireacht phríobháideach.

**2.3 Sócmhainní Caipitil faoi Fhorbairt**

| | **Conarthaí tógála** | **Feidhmchláir ríomhaire intí** | **Iomláin** |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ag 1 Eanáir 2016 | 80,805 | 1,559 | 82,364 |
| Íocaíochtaí airgid don bhliain | 111,338 | 787 | 112,125 |
| Aistrithe chun clár na sócmhainní | (52,046) | (2,322) | (54,368) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig 2016 | **140,097** | **24** | **140,121** |

**2.4 Banc agus airgead tirim**

| ag 31 Nollaig | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead | 22,255 | 72,278 |
| Bainc thráchtála | 449 | 239 |
| Mionairgead | 3 | 3 |
| | **22,707** | **72,520** |

**2.5 Réamhíocaíochtaí**

| ag 31 Nollaig | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge[a] | 9,934 | — |
| Réamhíocaíocht le Bus Éireann – iompar scoile[b] | 1,306 | — |
| Cíos chóiríocht shealadach scoile | 2,729 | — |
| Ceannach suíomhanna | 2,135 | — |
| Eile | 838 | 1,014 |
| | **16,942** | **1,014** |

[a] Níor áiríodh an réamhíocaíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge roimhe seo sna réamhíocaíochtaí. Ba é €10,836,640 an t-iarmhéid i 2015.

[b] Níor áiríodh an réamhíocaíocht le Bus Éireann roimhe seo sna réamhíocaíochtaí. Ba é €1,342,000 an t-iarmhéid i 2015.

**2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile**

| ag 31 Nollaig | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí | 57 | 121 |
| Íocaíochtaí anonn aoisliúntais | — | 3 |
| Tuarastail in-aisíoctha | 193 | 214 |
| Clár Leathanbhanda na Scoileanna | 1,440 | 1,440 |
| Pasanna taistil | 258 | 247 |
| Dlite ón Stát | 4 | 2 |
| Aisíocaíocht costais oifigí comhroinnte | 102 | 99 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 59 | 56 |
| Fionraí párolla | — | 180 |
| Réamhíocaíochtaí taistil agus cothabhála | 49 | 82 |
| Dlite ón gCuntas Speisialta Sásaimh | 43 | 898 |
| Eile | — | 231 |
| | **2,205** | **3,573** |

**2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile**

| ag 31 Nollaig | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Dlite don Stát | 12 | 25,933 |
| Aisíocaíocht pinsin | 114 | 58 |
| Clár tógála fuinnimh | 319 | 394 |
| Cuntas um rialú fáltas neamh-leithdháilte | — | 19 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 4 | 2 |
| Íocaíochtaí anonn aoisliúntais | 219 | — |
| Eile | 120 | 42 |
| | **788** | **26,448** |

**2.8 Glandliteanas don Státchiste**

| ag 31 Nollaig | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 14,647 | 9,229 |
| Deontas neamhtharraingthe ón Státchiste | (4,267) | (5,848) |
| **Glandliteanas don Státchiste** | **10,380** | **3,381** |
| **Arna n-ionadú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 22,707 | 72,520 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2,201 | 3,571 |
| Dlite ón Stát | 4 | 2 |
| Méideanna dlite ón AE | 23 | 15 |
| | 24,935 | 76,108 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (12) | (25,933) |
| Réamhíocaíochtaí a fuarthas ón AE | (13,767) | (46,279) |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | (776) | (515) |
| | (14,555) | (72,727) |
| | **10,380** | **3,381** |

**2.9 Ceangaltais**

| ag 31 Nollaig | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **a) Ceangaltais iltaobhacha** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 106 | 30 |
| Cláir deontais [a] | 3,129,058 | 3,001,367 |
| Cláir deontais caipitil [b] | 13,863 | 16,610 |
| Tionscadail chaipitil [c] | 439,073 | 587,600 |
| Comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha | 1,619,222 | 1,426,400 |
| **Iomlán na gceangaltas atá infheidhmithe le dlí** | **5,201,322** | **5,032,007** |

[a] Is ionann ceangaltais an chláir deontais méid vótáilte na ndeontas neamhchaipitil do 2017 (2015: méid a vótáladh do 2016).

[b] Baineann na cláir deontais chaipitil le deontais a íocfar le comhlachtaí coimirce as tionscadail chaipitil ar nós ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus boird oideachais agus oiliúna.

[c] Tionscadail chaipitil atá faoi bhainistíocht agus maoirseacht na Roinne.

| **b) Cláir deontais caipitil** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 16,610 | 13,128 |
| Cistiú nua deontais sa bhliain | 6,559 | 4,157 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (9,306) | (675) |
| **Iarmhéid deiridh** | **13,863** | **16,610** |

**c) Mórcheangaltais chaipitil**

**Tionscadail chaipitil a bhfuil €12,697,380 níos mó de chaiteachas i gceist iontu**

| | Caiteachas carnach go 31 Nollaig 2015 | Caiteachas i 2016 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caitheamh iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2016 | Caitheamh iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Fo-mhírcheann D.3** | | | | | |
| 1. Meánscoil Oideachas le Chéile Hansfield, Baile Átha Cliath 15 | 11,387 | 5,208 | 268 | 16,863 | 16,438 |
| 2. Campas Charraig Phiarais | 14,500 | 89 | 183 | 14,772 | 14,747 |
| 3. Scoil Naomh Colmcille, Baile Átha Cliath 16 | 16,238 | – | 589 | 16,827 | 16,827 |
| 4. Pobalcholáiste Ard Gioláin, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 13,341 | 200 | 48 | 13,589 | 13,589 |
| 5. Meánscoil Theampall na Carraige, Cill Mhantáin | 12,596 | 89 | 120 | 12,805 | 12,806 |
| 6. Colaiste Ghlór na Mara, Baile Brigín, Baile Átha Cliath | 1,614 | 13,303 | 1,455 | 16,372 | 16,372 |
| 7. Bunscoil Naomh Eoin, Droichead Átha, Co. Lú | 2,680 | 4,807 | 6,994 | 14,481 | 14,279 |
| 8. Meánscoil Le Chéile, Mullach Eadraid, Baile Átha Cliath 15. | 688 | 14,304 | 1,290 | 16,282 | 16,282 |
| 9. Scoil Pharóiste Port Laoise, Contae Laoise | 4,281 | 4,914 | 3,802 | 12,997 | – |
| 10. Coláiste San Aingeal, Corcaigh | 11,868 | 1,171 | 283 | 13,322 | – |
| 11. Scoil Chuimsitheach na Páirce Nua, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath | 13,687 | – | 169 | 13,856 | – |
| 12. Bunscoil Charraig Uí Leighin, Contae Chorcaí | – | 8,966 | 4,281 | 13,247 | – |
| 13. Coláiste Dhún an Rí, Dún an Rí, An Cabhán[a] | – | 4,666 | 10,107 | 14,773 | – |
| **Fo-iomlán D.3** | **102,880** | **57,717** | **29,589** | **190,186** | **121,340** |
| **Fo-mhírcheann D.4** | | | | | |
| 14. Campas Ghráinseach Gormáin - bonneagar suímh agus riocht phoiblí | 30,073 | 2,213 | – | 32,286 | 30,078 |
| **Fo-iomlán D.4** | **30,073** | **2,213** | **–** | **32,286** | **30,078** |
| **Iomlán** | **132,953** | **59,930** | **29,589** | **222,472** | **151,418** |

[a] Cuireadh tús le dhá thionscadal nua scoile i 2016 – iar-bhunscoil Charraig Uí Leighin agus Coláiste Dhún an Rí, an Cabhán.

**Difríochtaí suntasacha**

Mínítear thíos cásanna inar mhéadaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta de bhreis is €500,000 ó 2015 go 2016.

| Tionscadal | Costas iomlán réamh-mheasta (méadú) i 2016 €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 9. Scoil Pharóiste Port Laoise, Contae Laoise | (12,997) | De thaisme, níor cuireadh €13 milliún de chaiteachas iomlán réamh-mheasta ag deireadh 2015 san áireamh i liosta na dtionscadal 2015 a sháraigh €12,697,380 de bhrí gur fágadh €748,600 de chaiteachas táillí ar lár nuair a bhí costais 2015 an tionscadail á ríomh. |
| 10. Coláiste San Aingeal, Corcaigh | (13,322) | Bhí €12.4 milliún de chaiteachas iomlán réamh-mheasta ag deireadh 2015 faoi bhun na tairsí le cur san áireamh i liosta tionscadal 2015 a sháraigh €12,697,380. Sroicheadh an tairseach i 2016 de bhrí gur ceadaíodh €902,400 d'oibreacha agus táillí breise. |
| 11. Scoil Chuimsitheach na Páirce Nua, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath | (13,856) | De thaisme, níor cuireadh €13.8 milliún de chaiteachas iomlán ag deireadh 2015 san áireamh i liosta na dtionscadal 2015 a sháraigh €12,697,380 de bhrí gur fágadh €1.3 milliún de chaiteachas táillí ar lár nuair a bhí costais an tionscadail iomláin á ríomh. |
| 14. Campas Ghráinseach Gormáin - bonneagar suímh agus riocht phoiblí | (2,208) | Is é Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Gormáin a bhainistíonn forbairt campais Ghráinseach Gormáin le cistiú ón Roinn agus ó fhoinsí eile - lena n-áirítear Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Cé gur gheall an Roinn íoc as roinnt míreanna den fhorbairt, is i dtaca le bonneagar suímh agus riocht phoiblí amháin a sháraíonn a cheangaltas €12.6 milliún – agus mar sin ní mór é a nochtadh sa nóta seo. I rith 2016, d'aontaigh an Roinn an méid airgid a chuireann sé le bonneagar suímh agus riocht phoiblí a mhéadú chun costas breise a tháinig as socrúchán comhréitigh idir an Ghníomhaireacht agus an conraitheoir a mhaoiniú. Mhéadaigh an Roinn an méid a chuireann sé le bonneagar suímh agus riocht phoiblí tar éis athbhreithniú ar na socruithe maoinithe i gcás míreanna éagsúla den fhorbairt. Rinneadh laghdú coibhéiseach i gceangaltas na Roinne ar thionscadail eile de chuid na Gráinsí Gormáin – a bheidh á maoiniú anois ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath – nuair a méadaíodh ceangaltas iomlán na Roinne i leith bonneagar suímh agus riocht phoiblí de €2.2 milliún. |

**d) Costas na dTionscadal Comhpháirtíochtaí Príobháidí Poiblí**

Tá ocht gconradh faoi leith déanta ag an Roinn go dtí seo chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú faoi shamhail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP). Is socruithe struchtúrtha idir comhlachtaí earnála poiblí agus infheisteoirí earnála príobháidí iad CPPanna ar mhaithe le tionscadail bhonneagair a sholáthar a chuirfí ar fáil, murach sin, trí mheicníochtaí traidisiúnta soláthair agus an caiteachas ar fad a bhaineann le tógáil le cur ar fáil roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm muirir aonadacha mhíosúla thar thréimhse 25 bliain, agus íoctar an chéad mhuirear aonadach a luaithe a bhíonn an fhoirgníocht déanta.

| | Caiteachas go 31 Nollaig 2015 | Caiteachas i 2016 | Ceangaltais atá infheidhmithe le dlí le comhlíonadh i mbliana dá éis | Iomlán an tionscadail 2016 | Iomlán an tionscadail 2015 athluaite[a] |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann | 104,600 | 7,741 | 75,484 | 187,825 | 188,200 |
| 2. Dornán Cúig Threoirscoil | 150,500 | 10,832 | 129,139 | 290,471 | 291,800 |
| 3. Scoil Cheoil Chorcaí | 77,100 | 8,277 | 137,046 | 222,423 | 221,900 |
| 4. An Chéad Dornán Scoileanna CPP | 54,600 | 9,099 | 181,937 | 245,636 | 246,300 |
| 5. An Dara Dornán Scoileanna CPP | 63,400 | 12,295 | 266,728 | 342,423 | 344,400 |
| 6. An Tríú Dornán Scoileanna CPP | 40,600 | 14,767 | 355,036 | 410,403 | 412,000 |
| 7. An Ceathrú Dornán Scoileanna CPP | — | 13,967 | 205,348 | 219,315 | 212,600 |
| 8. An Cúigiú Dornán Scoileanna CPP[b] | — | — | 268,504 | 268,504 | — |
| | **490,800** | **76,978** | **1,619,222** | **2,187,000** | **1,917,200** |

[a] D'ordaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go n-aicmeofaí gach íocaíocht de mhuirear aonadach mar chaipiteal do chuspóirí cuntasaíochta i gcás gach caiteachais ó 2016 ar aghaidh. Athluadh iomlána na dtionscadal do 2015 sa tábla thuas chun muirir aonadacha neamhchaiptil a bhí fágtha as an áireamh roimhe seo a chur san áireamh.

[b] Ba in Iúil 2016 a síníodh an conradh don Chúigiú Dornán Scoileanna.

**Difríochtaí suntasacha**

Mínítear thíos cásanna inar mhéadaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta de bhreis is €500,000 ó 2015 go 2016.

| **Tionscadal** | **Costas iomlán réamh-mheasta (méadú)/laghdú i 2016**<br><br>**€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| 2. Dornán Cúig Threoirscoil | 1,329 | Is toradh é an laghdú seo ar an athbhreithniú bliantúil ar réamh-mheastacháin muirir aonadaigh don dornán, a ghintear sa chéad áit le linn athbhreithniú bliantúil innéacsaithe. I gcás an Dornáin Treoirscoileanna, tá céatadán níos airde den mhuirear aonadach faoi réir innéacsú ná mar is amhlaidh i gcás na ndornán eile. Ina fhianaise sin, tá céim níos airde luaineachta ó bhliain go bliain sna réamh-mheastacháin don dornán seo. |
| 3. Scoil Cheoil Chorcaí | (523) | Is toradh é an laghdú seo ar an athbhreithniú bliantúil ar réamh-mheastacháin muirir aonadaigh don dornán, a ghintear sa chéad áit le linn athbhreithniú bliantúil innéacsaithe. |
| 4. An Chéad Dornán Scoileanna CPP | 664 | Is toradh é an laghdú seo ar an athbhreithniú bliantúil ar réamh-mheastacháin muirir aonadaigh don dornán, a ghintear sa chéad áit le linn athbhreithniú bliantúil innéacsaithe. |
| 5. An Dara Dornán Scoileanna CPP | 1,977 | Is toradh é an laghdú seo ar an athbhreithniú bliantúil ar réamh-mheastacháin muirir aonadaigh don dornán, a ghintear sa chéad áit le linn athbhreithniú bliantúil innéacsaithe. |
| 6. An Triú Dornán Scoileanna CPP | 1,597 | Is toradh é an laghdú seo ar an athbhreithniú bliantúil ar réamh-mheastacháin muirir aonadaigh don dornán, a ghintear sa chéad áit le linn athbhreithniú bliantúil innéacsaithe. |
| 7. An Ceathrú Dornán Scoileanna CPP | (6,715) | Sna chéad réamh-mheastacháin don dornán seo (trínar gineadh costais réamh-mheasta 2015), níorbh fhéidir an chuid den mhuirear aonadach a bhí innéacsaithe a thuar. Tá cinnteacht níos mó ann ó cuireadh tús leis na seirbhísí maidir leis an gcuid den mhuirear aonadach atá faoi réir innéacsú. |

**Nóta ar Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPP)**

***An Coláiste Náisiúnta Muirí***

Tugadh Tionscadal CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann chun críche i nDeireadh Fómhair 2004. Ba é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann an chéad CPP tríú leibhéal a críochnaíodh agus a chuaigh i mbun oibrithe in Éirinn. Cuireann an coláiste saoráidí úrscothacha oideachais agus oiliúna ar fáil chun freastal ar riachtanais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus ar riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann.

***CPP Cúig Threoirscoil***

Tá na cúig iar-bhunscoil lonnaithe i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí, i dTobar an Choire, Co. Shligigh, i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin, agus i Sionainn, Co. an Chláir. Rinneadh an conradh i leith CPP Cúig Threoirscoil a shíniú le Tionscadail Jarvis Ltd. i Samhain 2001. Thosaigh tréimhse oibriúcháin na scoileanna in Eanáir 2003.

***Scoil Cheoil Chorcaí***

Ba i Meán Fómhair 2005 a síníodh conradh le Hochtief Developments UK Ltd. chun Scoil Cheoil Chorcaí a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Críochnaíodh Scoil Cheoil Chorcaí in Iúil 2007.

***An Chéad Dornán Scoileanna CPP***

Ba i Márta 2009 a síníodh conradh le Comhpháirtíochtaí Maquarie ar son na hÉireann (Maquarie Partnerships for Ireland) chun na ceithre iarbhunscoil i bPort Laoise, Contae Laoise (dhá scoil), i mBeannchar agus ar an bhFéar Bán (an dá cheann acu i gContae Uíbh Fhailí) a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Thosaigh gach ceann de na ceithre scoil seo ag feidhmiú i Meán Fómhair 2010.

***An Dara Dornán Scoileanna CPP***

Ba i Meitheamh 2010 a síníodh conradh le Comhpháirtíochtaí Maquarie ar son na hÉireann (Maquarie Partnerships for Ireland) chun cúig iar-bhunscoil agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú i gCill Mhantáin,Co. Chill Mhantáin, Baile Átha Buí, Co. na Mí, Chill Dara, Co. Chill Dara, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh agus Beanntraí, Co. Chorcaí (dhá scoil). Thosaigh gach ceann de na sé scoil seo ag feidhmiú amach i ndeireadh na bliana 2011.

***An Tríú Dornán Scoileanna CPP***

Seacht n-iar-bhunscoil agus bunscoil amháin atá sa Triú Dornán Scoileanna CPP. Tá siad suite i mBéal an Átha Móir, Co. Liatroma; Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall; Guaire, Co. Loch Garman; Dabhach Uisce, Co. na Gaillimhe (2 scoil); Dún, Co. Luimnigh; Trá Mhór, Co. Phort Láirge; agus Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Ba i Samhain 2012 a síníodh conradh le CPP BAM chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na hocht scoil seo ag feidhmiú idir Samhain 2013 agus Bealtaine 2014.

***An Ceathrú Dornán Scoileanna CPP***

Ceithre iar-bhunscoil atá sa Cheathrú Dornán Scoileanna CPP. Tá siad suite i dTulla, Co. an Chláir, Sciobairín, Co. Chorcaí, Dún Dealgan, Co. Lú agus Carraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann. Ba i Nollaig 2014 a síníodh conradh le CPP BAM chun ceithre iar-bhunscoil a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na scoileanna seo ag feidhmiú idir Márta agus Bealtaine 2016.

***An Cúigiú Dornán Scoileanna CPP***

Ceithre iar-bhunscoil agus bunscoil amháin atá sa Chúigiú Dornán Scoileanna CPP. Tá siad suite i gCeatharlach; Ceanannas Mór, Co. na Mí; Bré, Co. Chill Mhantáin (dhá scoil); agus Loch Garman. Ba in Iúil 2016 a síníodh an conradh chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Tá na scoileanna á dtógáil faoi láthair agus meastar go mbeidh siad críochnaithe agus réidh le tabhairt ar láimh idir an ceathrú ráithe de 2017 agus an chéad ráithe de 2018.

**2.10 Dliteanas tagtha chun aibíochta**

| ag 31 Nollaig | **2016**<br>**€000** | **2015**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Meastachán de dhliteanais tagtha chun aibíochta nár scaoileadh ag deireadh bliana | 268 | 99 |

## 3 Caiteachas ar Chláir de réir an Fho-mhírchinn

I gcomhlíonadh na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe bhain an Roinn Oideachais agus Scileanna feidhm as próiseas airgeadais ar a dtugtar vírimint i 2016, amhail a rinneadh i mblianta eile. Chuir an próiseas víriminte ar chumas na Roinne fónamh a bhaint as coigilteas i bhfo-mhírcheann amháin nó níos mó ná fo-mhírcheann amháin chun riar ar róchaiteachas i bhfo-mhírchinn eile i Vóta 26. I bhfianaise an fhaireacháin leanúnaigh ar threochtaí caiteachais sa Roinn, baineadh feidhm as vírimint i dtaca le fo-mhírchinn áirithe ina ndeachaigh, mar shampla, scéimeanna/tionscadail chun cinn ní ba thapúla ná mar a tuaradh i dtosach nó ina raibh éileamh/costais sa bhliain 2016 ní ba mhó ná mar a measadh i dtosach.

| | | | 2016 Suim soláthraithe sa mheastachán €000 | 2016 Suim soláthraithe sa mheastachán €000 | 2016 Toradh €000 | 2015 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **A** | **Oideachas Chéad Leibhéal, Dara Leibhéal agus Luathbhlianta** | | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 57,725 | 55,194 | 55,210 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | 10,735 | 9,850 | 10,462 |
| A.3 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) de chuid bunmhúinteoirí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,162,512 | | | |
| | | *Forlíontach* | (24,000) | 2,138,512 | 2,132,039 | 2,150,935 |
| A.4 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) de chuid múinteoirí meánscoile, scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna | | | 1,131,836 | 1,111,028 | 1,098,989 |
| A.5 | Deontais le boird oideachais agus oiliúna maidir le tuarastail múinteoirí | | | 597,857 | 596,327 | 571,039 |
| A.6 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) de chuid cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna | | | 428,612 | 428,290 | 413,093 |
| A.7 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) de chuid baill foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh) | | | 104,506 | 99,879 | 102,546 |
| A.8 | Aoisliúntas srl, i gcás baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,037,495 | | | |
| | | *Forlíontach* | 37,000 | 1,074,495 | 1,069,993 | 1,083,573 |
| A.9 | Seirbhísí iompar scoile | | | 175,000 | 182,188 | 172,955 |
| A.10 | Deontais (lena n-áirítear caipitlíocht) iníoctha le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, boird oideachais agus oiliúna agus eagraíochtaí agus forais oideachais eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 430,168 | | | |
| | | *Forlíontach* | (6,000) | 424,168 | 432,468 | 417,719 |
| A.11 | Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn in earnálacha an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais | | | 72,524 | 73,101 | 80,916 |
| A.12 | Oiliúint múinteoirí | | | 27,900 | 22,606 | 22,803 |
| A.13 | Íocaíochtaí maidir le sásamh i leith foras cónaithe agus costais a bhain leis an gCoimisiún um Dhrochúsáid Leanaí | | | 4,050 | 4,403 | 13,806 |
| A.14 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | | 42,166 | 41,441 | 26,619 |
| | | | | **6,290,086** | **6,258,807** | **6,220,665** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Ar an iomlán, ba lú de €31.3 milliún an t-ollchaiteachas i ndáil le Clár A ná mar a soláthraíodh. Tugtar míniú thíos maidir le gach mírcheann inarbh í an difríocht idir an tsuim a measadh agus an toradh ná méid ba mhó ná €100,000 agus inarbh éard a bhí sa toradh ná breis agus 5% amach ón tsuim a measadh.

Tugtar míniú, leis, maidir le Fo-mhírchinn A.3 agus A.10 a bhí mar ábhair le meastacháin forlíontacha laghdaithe agus A.8 a fuair meastachán forlíontach méadaithe.

| Cur síos | Níos lú/(mó) ná an bunmheastachán €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) de chuid bunmhúinteoirí | 30,473 | Méadaíodh an bunmheastachán de €2,162,512,000 le meastachán forlíontach de €24 milliún go €2,138,512,000.<br><br>Tharla laghdú ar an bhfo-mhírcheann seo de bharr costais réamh-mheasta tuarastail agus liúntais agus ionadaíochta a bheith níos lú ná mar a bhí súil leis, lena n-áirítear tionchar measta íocaíochtaí scoir, dátaí ceapacháin, breiseanna, saoire neamhíoctha srl, rudaí is deacair a réamh-mheas i ngeall ar a chasta atá an párolla. Áirítear ar nithe eile a raibh tionchar acu ar an bhfigiúr deiridh, riaráiste aon uaire iníoctha le múinteoirí ionaid a bheith níos lú ná mar a bhí measta agus ceisteanna amaithe maidir le próiseáil athraithe ar ar ÁSPC an fhostóra ag éirí as athrú ar Aicme ÁSPC (ó D go A) i gcás daoine áirithe, athrú a phróiseálfar anois i 2017.<br><br>Ba é €2,132,039,000 an toradh deiridh, nó 0.3% de laghdú ar an leithdháileadh deiridh. |
| Aoisliúntas srl, i gcás baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc | (32,498) | Méadaíodh an bunmheastachán de €1,037,495,000 le meastachán forlíontach de €37 milliún go €1,074,495,000.<br><br>B'éigean an méadú a dhéanamh chun costais ag éirí as cnapshuimeanna agus aiscí scoir a íoc i gcás 500 duine breise a chuaigh ar scor ná mar a bhí measta sa leithdháileadh bunaidh d'earnáil an chéad agus an dara leibhéal.<br><br>Ba é €1,069,993,000 an toradh deiridh, nó 0.4% de laghdú ar an leithdháileadh deiridh. |

| Cur síos | Níos lú/(mó) ná an bunmheastachán €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Deontais (lena n-áirítear caipitíocht) iníoctha le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, boird oideachais agus oiliúna agus eagraíochtaí agus forais oideachais eile | (2,300) | Méadaíodh an bunmheastachán de €430,168,000 le meastachán forlíontach de €6 milliún go €424,168,000.<br><br>Tháinig laghdú ar an bhfo-mhírcheann seo go príomha de bharr íocaíochtaí ag éirí as moladh an eadránaí maidir le méaduithe pá do rúnaithe agus airígh scoile, a mhaoinítear le deontas, a thabhairt isteach de réir a chéile. Ní raibh céimeanna 2017 go 2019 de mholadh an Eadránaí iníoctha i 2016. Rinneadh coigilteas eile de bharr tarraingt anuas níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis ón bhForas Taighde ar Oideachas i ngeall ar thionscadail áirithe a bheith curtha siar agus foireann a earcú do thionscadail nua.<br><br>Áirítear ar an toradh deireanach €9 milliún de dheontais bhreise a rinneadh leis na boird oideachais agus oiliúna i Nollaig 2016 maidir le caiteachas neamhphá – as ar lean €2.3 milliún de róchaitheamh i gcomparáid leis an Meastachán bunaidh.<br><br>Ba é €432,468,000 an toradh deiridh, nó 2% de mhéadú ar an leithdháileadh deiridh. |
| Oiliúint Múinteoirí | 5,294 | Rinneadh an €5.3 milliún de choigilteas de bharr costas níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis i gcás forbairt ghairmiúil leanúnach i dtaca le hAthchóiriú na Sraithe Sóisearaí agus tionscadail eile lena n-áirítear an clár TL21 (Múineadh agus Foghlaim don 21ú hAois), Duaiseanna do Scoileanna Gníomhacha agus tionscadal na Cairte Ealaíon; laghdú ar úsáid roinnt scéimeanna tacaíochta agus laghdú ar na costais de bhrí nár líonadh cúrsaí áirithe go hiomlán; ní thosóidh an cúrsa iarchéime san Ionad do Cheannaireacht Scoile go dtí Meán Fómhair 2017; athraithe ar an mbliain fhéilire don bhuiséad Ionduchtaithe do Mhúinteoirí agus ceanglas ar ionaid múinteoirí laghdú a dhéanamh ar chistí carntha as ar lean táille laghdaithe ar an bhfo-mhírcheann. |
| Íocaíochtaí maidir le sásamh i leith foras cónaithe agus costais a bhain leis an gCoimisiún um Dhrochúsáid Leanaí | (353) | Tháinig an barrachas chun cinn de bhrí nár scoir an Bord Sásamh d'oibríochtaí i 2016 mar a raibh súil leis. |

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Forbairt scileanna** | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | 3,234 | 3,141 | 3,568 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 682 | 684 | 773 |
| B.3 | Deontais do SOLAS maidir le riarachán agus costais ghinearálta | 23,588 | 23,588 | 23,588 |
| B.4 | Tacaí Chiste Sóisialta na hEorpa agus Tacaí an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (CECD) | 650 | 84 | 480 |
| B.5 | Deontais do SOLAS maidir le gníomhaíochtaí breisoideachais agus oiliúna | 272,655 | 272,147 | 265,999 |
| B.6 | Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) | 5,400 | 3,414 | 3,600 |
| B.7 | Aoisliúntas srl. iníoctha le hiarbhaill FÁS, SOLAS agus na Comhairle Oiliúna (AnCO) | 32,600 | 32,500 | 31,626 |
| B.8 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | 25 | 30 | 2 |
| B.9 | Seirbhísí Scileanna Réigiúnacha FORA | 1,000 | 624 | – |
| | | **339,834** | **336,212** | **329,636** |

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, ba lú de €3.6 milliún an t-ollchaiteachas i ndáil le Clár B ná mar a soláthraíodh. Tugtar míniú thíos maidir le gach mírcheann inarbh í an difríocht idir an tsuim a measadh agus an toradh ná méid ba mhó ná €100,000 agus inarbh éard a bhí sa toradh ná breis agus 5% amach ón tsuim a measadh.

| Cur síos | Níos lú/(mó) ná an bunmheastachán €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tacaí Chiste Sóisialta na hEorpa agus Tacaí an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (CECD) | 566 | Rinneadh an €0.6 mhilliún de choigilteas de bharr moill ar chonradh lárnach i gcás córas IT a theastaigh do chistí AE agus glacadh níos ísle ná mar a bhí súil leis ar thacaíochtaí maidir le roinnt clár CECD. |
| Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) | 1,986 | Rinneadh an €2 mhilliún de choigilteas go príomha de bharr éileamh laghdaithe ar chistiú Státchiste i ngeall ar mhéaduithe ar chiste ó fhoinsí eile, dul ar scor a bheith curtha siar agus roinnt folúntas foirne. |
| Seirbhísí Scileanna Réigiúnacha FORA | 376 | Rinneadh an €0.38 de choigilteas de bharr moill ar Bhainisteoir Réigiúnach Scileanna a cheapadh. |

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **C** | **Ardoideachas** | | | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | | 4,362 | 4,207 | | 3,898 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | 918 | 900 | | 845 |
| C.3 | Deontas i gcabhair do chostais ghinearálta an Údaráis um Ardoideachas | | 5,729 | 5,729 | | 5,394 |
| C.4 | Deontais ghinearálta reatha d' ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus institiúidí ainmnithe eile ardoideachais | | 928,389 | 938,833 | | 922,849 |
| C.5 | Coláistí oiliúna do bhunmhúinteoirí – ach amháin iad siúd a mhaoinítear tríd an Údarás um Ardoideachas | | 8,444 | 7,465 | | 7,984 |
| C.6 | Ospidéal Déadliachta Bhaile Átha Cliath (deontas) | | 10,471 | 10,471 | | 10,471 |
| C.7 | Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (deontas) | | 6,256 | 6,256 | | 6,136 |
| C.8 | Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann (deontas) | | 2,955 | 2,955 | | 2,955 |
| C.9 | Deontas d'institiúidí áirithe tríú leibhéal | | 8,644 | 7,691 | | 8,971 |
| C.10 | Aoisliúntas srl. atá iníoctha le hiar-bhaill ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta | | | | | |
| | *Bunaidh* | 85,094 | | | | |
| | *Forlíontach* | 11,000 | 96,094 | 95,779 | | 93,163 |
| C.11 | Tacaíocht do mhic léinn agus costais ghaolmhara | | 407,656 | 410,660 | | 414,000 |
| C.12 | Gníomhaíochtaí taighde | | 37,600 | 37,600 | | 37,600 |
| C.13 | Gníomhaíochtaí AE, idirnáisiúnta agus thuaidh theas | | 5,289 | 4,212 | | 4,510 |
| C.14 | Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Gormáin | | 3,030 | 3,030 | | 2,881 |
| C.15 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | 100 | 72 | | 169 |
| | | | **1,525,937** | **1,535,860** | | **1,521,826** |

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €9.9 milliún níos airde ná an soláthar deiridh. Tugtar míniú thíos maidir le gach mírcheann inarbh í an difríocht idir an tsuim a measadh agus an toradh ná méid ba mhó ná €100,000 agus inarbh éard a bhí sa toradh ná breis agus 5% amach ón tsuim a measadh.

Tugtar míniú maidir le Fo-mhírcheann C.10 a fuair meastachán forlíontach méadaithe.

| Cur síos | Níos lú/(mó) ná an bunmheastachán €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Coláistí oiliúna do bhunmhúinteoirí – ach amháin iad siúd a mhaoinítear tríd an Údarás um Ardoideachas | 979 | Rinneadh an €0.98 milliún de choigilteas go príomha de bharr athrú ar an gcistiú ag éirí as coláiste oiliúna a chorprú in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ó chostais laghdaithe ag éirí as moill i gcur chun cinn straitéise. |

| Cur síos | Níos lú/(mó) ná an bunmheastachán €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Deontas d’institiúidí áirithe tríú leibhéal | 953 | Rinneadh an coigilteas de bharr athrú ar an bhfo-mhírcheann maoinithe a úsáideadh do Choláiste Phádraig, Durlas. |
| Aoisliúntas srl. atá iníoctha le hiar-bhaill ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta | (10,685) | Méadaíodh an bunmheastachán de €85,094,000 le meastachán forlíontach de €11 milliún go €96,094,000.<br><br>Theastaigh an méadú chun soláthar a dhéanamh do 59 íocaíocht bhreise de chnapshuimeanna scoir sna hinstitiúidí teicneolaíochta, glanmhéadú de 161 duine ar an bpárolla pinsin, agus costais scoir bliain iomlán ó 2015 i 2016.<br><br>Ba é €95,779,000 an toradh deiridh, nó 0.3% de laghdú ar an leithdháileadh deiridh. |
| Gníomhaíochtaí AE, idirnáisiúnta agus thuaidh theas | 1,077 | Rinneadh an €1 mhilliún agus le cois de choigilteas go príomha de bharr tarraingt anuas níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis ar chistiú meaitseáilte do Chiste Scoláireachta George Mitchell, riachtanais mhaoinithe níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis i gcás roinnt tionscadal Thuaidh-Theas agus ranníocaíocht náisiúnta ballraíochta do UNESCO, a bhí níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis. |

| | | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **D** | **Seirbhísí caipitil** | | | | | |
| D.1 | Riarachán – pá | | | 9,379 | 9,086 | 9,113 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | | 1,976 | 1,945 | 1,975 |
| D.3 | Trealamh tógála agus feisteas bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 446,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 100,000 | 546,000 | 554,976 | 524,503 |
| D.4 | Deontais tógála agus costais chaipitil ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus institiúidí ainmnnithe eile ardoideachais | | | 21,500 | 31,500 | 52,639 |
| D.5 | Costais comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha | | | 93,250 | 85,068 | 66,355 |
| | | | | **672,105** | **682,575** | **654,585** |

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár D €10.5 milliún níos airde ná an soláthar deiridh. Tugtar míniú thíos maidir le gach mírcheann inarbh í an difríocht idir an tsuim a measadh agus an toradh ná méid ba mhó ná €100,000 agus inarbh éard a bhí sa toradh ná breis agus 5% amach ón tsuim a measadh. Tugtar míniú maidir le Fo-mhírcheann D.3 a fuair meastachán forlíontach méadaithe.

| Cur síos | Níos lú/(mó) ná an bunmheastachán €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Trealamh tógála agus feisteas bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna | (108,976) | Méadaíodh an bunmheastachán de €446,000,000 le meastachán forlíontach de €100 milliún go €546,000,000.<br><br>I lár Aibreán 2016, d'aontaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cistiú breise a sholáthar chun go bhféadfadh tionscadail mórscála dul ar aghaidh go céim na tairisceana agus na tógála.<br><br>Ba é €555 milliún an toradh deiridh, nó 1.6% de mhéadú ar an leithdháileadh deiridh. |
| Deontais tógála agus costais chaipitil ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus institiúidí ainmnnithe eile ardoideachais | (10,000) | Tháinig an €10 milliún de bharrachas chun cinn de bharr cistiú caipitil neamhchaite a ath-leithdháileadh ar fho-mhírcheann caipitil Ardoideachais d'fhonn éilimh bhreise shuntasacha a chomhlíonadh i gcás tionscadal caipitil ardoideachais. |
| Costais comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha | 8,182 | Rinneadh an €8 milliún de choigilteas de bharr asbhaintí ón táille aonadach i gcaitheamh na bliana a chuirtear i bhfeidhm i dtaca le teipeanna aontaithe maidir le seirbhís agus infhaighteacht; laghduithe innéacsaithe níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leo ar tháillí aonadach maidir le rátaí reatha boilscithe; costais ionchasacha maidir le tionscadail oibriochtúla a bhí níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leo agus coigilteas ar chostais áirithe foirgníochta. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí i gcabhair**

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Measta | Fíoraithe | Fíoraithe |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **E** | | | | | | |
| E.1 | Ranníocaíochtaí aoisliúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 185,496 | | | |
| | | *Forlíontach* | (15,700) | 169,796 | 166,357 | 170,789 |
| E.2 | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) agus fáltais ilghnéitheacha eile ón AE | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 33,925 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,700 | 38,625 | 40,388 | 27,379 |
| E.3 | Fáltais ó asbhaintí maidir le pinsin ar thuarastail seirbhíse poiblí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 277,036 | | | |
| | | *Forlíontach* | (7,000) | 270,036 | 269,599 | 341,735 |
| E.4 | Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí | | | 3,561 | 4,426 | 4,198 |
| E.5 | Ilghnéitheach | | | 5,291 | 6,678 | 4,715 |
| | | | | **487,309** | **487,448** | **548,816** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach mírcheann inarbh í an difríocht idir an tsuim a measadh agus an toradh ná méid ba mhó ná €100,000 agus inarbh éard a bhí sa toradh ná breis agus 5% amach ón tsuim a measadh.

Tugtar míniú, leis, maidir le Fo-mhírchinn E.1 agus E.3 a bhí mar ábhair le meastacháin forlíontacha laghdaithe agus E.2 a fuair meastachán forlíontach méadaithe.

| Cur síos | Níos lú/mó ná an bunmheastachán €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais | 19,139 | Laghdaíodh an €185,496,000 de mheastachán bunaidh do bhailiú fáltas de €15.7 milliún go €169,796,000 i meastachán forlíontach.<br><br>Bhí gá le €13.5 milliún de mheastachán forlíontach de bhrí nár shroich ranníocaíochtaí aoisliúntais na bhfoireann scoile an leibhéal a rabhthas ag súil leis. Is deacair na fáltais aoisliúntais seo a thuar de bharr an tionchair a bhíonn ag scor orthu agus an méadú ar mhúinteoirí nua-earcaithe le blianta beaga anuas, mar arb é an ghné nach eol an pointe cruinnscála do thosaitheoirí nua i gcomparáid le pointí scála níos airde i gcas siúd atá ag dul ar scor.<br><br>Bhí gá le €2.2 milliún eile i bhfáltais mheasta de bhrí nár tháinig an meastachán bunaidh de cheannacháin aonair uaire blianta breise, atá deacair a thuas, chomh maith, chun bheith ann.<br><br>Bhí 2% de ghannchion idir an leithdháileadh deiridh agus na fáltais a fíoraíodh. |

| Cur síos | Níos lú/mó ná an bunmheastachán €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa, ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú agus fáltais ilghnéitheacha eile ón AE | (6,463) | Méadaíodh an bunmheastachán de €33,925,000 le meastachán forlíontach de €4.7 milliún go €38,625,000.<br><br>Léiríonn an Meastachán Forlíontach fáltais bhreise CSE a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí de chuid na Roinne a cháiligh don CSE – bhíothas ag súil go maoineodh na fáltais an Ciste Náisiúnta Oiliúna agus gníomhaíochtaí eile a cháiligh do chistí CSE. Rinneadh an ath-leithdháileadh tar éis cinntí ón gCoimisiún Eorpach agus ó Choiste Monatóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa, bunaithe ar leibhéal feidhmithe ghníomhaíochtaí éagsúla a chó-mhaoiníonn Ciste Sóisialta na hEorpa, d'fhonn an leithdháileadh iomlán CSE a fhíorú ina iomláine.<br><br>Bhí an €40,388,000 d'fháltais iomlána 4.6% níos airde ná an meastachán deiridh. |
| Fáltais ó asbhaintí maidir le pinsin ar thuarastail seirbhíse poiblí | 7,437 | Laghdaíodh an bunmheastachán de €277,036,000 de €7 milliún go €270,036,000.<br><br>Tharla an laghdú ar fháltais asbhainte bainteach le pinsean go príomha i ngeall ar thionchar leathnú na dtairseach d'asbhaintí maidir le pinsean agus rátaí laghdaithe, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2016, rud a bhí deacair a thuar.<br><br>Bhí an €269,599,000 d'fháltais iomlána beagán níos lú ná an meastachán deiridh. |
| Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí | (865) | Is deacair leibhéal na bhfáltas a thuar go hiomlán cruinn de bhrí gur féidir ró-íocaíochtaí a aisíoc ar bhonn aonuaire nó de réir a chéile agus is féidir go dtrasnódh siad bliain airgeadais. Is féidir le haisíoc tuarastail maidir le tabhairt ar iasacht an bhliain airgeadais a thrasnú, leis. |
| Ilghnéitheach | (1,387) | Cuimsítear san fho-mhírcheann seo fáltais de chineál ad hoc agus mar sin is deacair leibhéal na bhfáltas ionchais a thuar.<br><br>Tharla an barrachas i 2016 chun cinn de bharr socrúcháin maidir le bannaí a bhain le foirgníocht a tháinig chun cinn ar thrí cinn de thionscadail tógála iar-bhunscoile inar scoir an conraitheoir den trádáil, theip air an conradh a chríochnú agus gníomhachtaíodh na bannaí. |

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | 50 |
| Aisghabháil maoiniú neamhchaite a eisíocadh i mblianta roimhe sin don Údarás um Ardoideachas[a] | 1,347 | 2,673 |
| Fáltais ó shócmhainní a dhíol SOLAS | 20 | 1 |
| Fáltais ó shocrúcháin dlí | — | 2 |
| Fáltais ó airgead coinsiasa | 34 | 8 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (1,401) | (2,734) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | — | — |

[a] I rith 2016, tháinig €1,346,647 d'fháltais bhreise Státchiste a géilleadh don Státchiste chun cinn ó aisíoc cistí ón Údarás um Ardoideachas i gcás deontas a rinne an Chomhairle um Thaighde in Éirinn i mblianta roimhe seo atá fós neamhchaite.

## 5 Líonta agus Pá na bhFostaithe

Is leis an Roinn agus lena cuid comhlachtaí gaolmhara Stáit a bhaineann an fhaisnéis seo a leanas ó thaobh líon agus pá na bhfostaithe.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon na foirne ag deireadh blianta** (coibhéiseacha lánaimseartha) | 101,728 | 98,354 |

Ní áirítear leis an líon foirne a thuairiscítear ach na poist chroíláir a mhaoinítear ar an tríú leibhéal, mar ní áirítear ach na poist seo le comhaireamh foriomlán na foirne san earnáil phoiblí.

**5.(a) Líon foirne agus páchostais ghaolmhara ar íocadh amach cistí ó Vóta 26 ina leith**

| Catagóir na foirne dár tugadh luach saothair | An fo-mhírcheann ónar íocadh amach na cistí | | Líon Chreat Rialaithe Fostaíochta ag 31 Nollaig 2016 | Páthoradh ag 31 Nollaig 2016 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **An chéad leibhéal** | A.3 | Bunmhúinteoirí | 35,800 | 2,132,039 |
| | A.6.1 | Cúntóirí Riachtanas Speisialta | 10,249 | 346,791 |
| | A.7.1 | Foireann neamhtheagaisc | 272 | 10,605 |
| **An dara leibhéal** | A.4 | Múinteoirí meánscoile | 18,284 | 1,111,028 |
| | A.5 | Múinteoirí EB | 11,850 | 596,327 |
| | A.6 (2-3) | Cúntóirí Riachtanas Speisialta | 2,561 | 81,499 |
| | A.7(2-4) | Foireann neamhtheagaisc | 2,136 | 89,274 |
| **Fo-iomlán an chéad agus an dara leibhéal** | | | **81,152** | **4,367,563** |
| **An tríú leibhéal** | C.3 | An an tÚdarás um Ard-Oideachas | 59 | 3,516 |
| | C.4 | Ollscoile/institiúidí teicneolaíochta/ RIA/coláistí oiliúna | 17,452 | 662,127 |
| | C.5 | Coláistí oiliúna eile | 28 | 2,126 |
| | C.6 | Ospidéal Déadliachta Bhaile Átha Cliath | 122 | 9,283 |
| | C.7 | Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | 51 | 3,706 |
| | C.11 | Achomhairc maidir le deontais do mhic léinn | 81 | 3,862 |
| | C.14 | Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | 11 | 1,665 |
| **An tríú leibhéal – fo-iomlán** | | | **17,804** | **686,285** |

| Catagóir na foirne dár tugadh luach saothair | An fo-mhírcheann ónar íocadh amach na cistí | | Líon Chreat Rialaithe Fostaíochta ag 31 Nollaig 2016 | Páthoradh ag 31 Nollaig 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | €000 |
| **Foireann na Roinne** | (i) | Riarachán | 1,019 | 56,649 |
| | (viii) | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | 184 | 14,979 |
| **Fo-iomlán na Roinne** | | | **1,203** | **71,628** |
| **Eile** | A.11.1 | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) | 34 | 2,591 |
| | A.11.4 | Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 149 | 10,148 |
| | A.11.5 | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | 98 | 6,326 |
| | A.11.7 | An Foras Taighde ar Oideachas | 30 | 677 |
| | A.13.1 | Bord Sásamh | 6 | 389 |
| | A.13.2 | Coimisiún ar Dhrochúsáid Leanaí | 2 | 313 |
| | A.14 | An Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas | 11 | 722 |
| | B.3.1 | Riarachán SOLAS | 189 | 10,530 |
| | B.6 | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) | 70 | 1,501 |
| | B.5 | Breisoideachas – SOLAS (boird oideachais agus oiliúna) | 840 | 101,507 |
| | C.8 | Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann | 58 | 2,828 |
| **Fo-iomlán eile** | | | **1,487** | **137,532** |
| **Iomlán** | | | **101,646** | **5,263,008** |

Tá leagtha amach sa tábla thuas sonraí luach saothair na bhfoirne teagaisc, neamhtheagaisc agus na gcomhlachtaí eile a maoiníodh as Vóta 26 i 2016 mar aon lena líonta coibhéiseach lánaimseartha ag 31 Nollaig 2016 le tagairt do na figiúirí a nochtadh sa Mheastachán Leasaithe.

Íoctar 82 ball foirne coibhéiseach lánaimseartha eile ó fho-mhírchinn nach bhfuil aon ainmniúchán pá ar leith acu maidir le fo-mhírchinn B.6 (QQI), C.8 (RIAM), C.3 (HEA) agus C.7 (DIAS).

**5.(b) Foireann na Roinne** [a]

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá [b] | 66,833 | 67,191 |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 248 | 244 |
| Liúntais eile [c] | 51 | 75 |
| Ragobair | 319 | 604 |
| ÁSPC an Fhostóra [d] | 4,177 | 3,675 |
| **Pá iomlán** | **71,628** | **71,789** |

[a] Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach amháin le tuarastail agus liúntais a íoctar le foireann riaracháin sa Roinn agus le foireann na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

[b] Athchuireadh pá 2015 i bhfoirm €67,191,000 lena n-áirítear tuarastail fhoireann na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

[c] Athluadh liúntais eile 2015 mar €75,000 de bhrí gur aicmíodh roinnt liúntas go mícheart mar phá i 2015, agus áirítear orthu tuarastil na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

[d] Athluadh ÁSPC na bhFostóirí de bhrí gur áiríodh ann ÁSPC don fhoireann ar an bpárolla atá in-aisghafa - lena n-áirítear SEC, CNCM agus foireann ar iasacht.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2016** | **2015** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 101 | 4 | 15,471 | 20,339 |
| Liúntais eile | 22 | – | 5,191 | 25,209 |
| Ragobair | 169 | 3 | 18,728 | 21,386 |
| Luach saothair breise i mbreis is catagóir amháin | 7 | – | 4,439 | 5,129 |

Baineann sonraí na liúntas agus na n-íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo leis an bhfoireann riaracháin agus le foireann na Seirbhísí Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus leo siúd amháin.

**5.2 Pá i gCoibhneas le Feidhmíocht agus Pá Bunaithe ar Thuillteanas**

Fuair naonúr ball foirne a bhí ag fáil íocaíochtaí seirbhíse speisialta faoi chomhaontú athstruchtúraithe 1% PWC AHCPS de €24,777 san iomlán i 2016.

**5.3 Státseirbhísigh Athfhruilithe**

Rinneadh 29 státseirbhíseach ar scor a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu a athfhruiliú i rith 2016 ar chostas iomlán €129,256 lenar áiríodh costais taistil agus chothaithe de €21,500. Ar aon dul le comhairle ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chuir an Roinn rátaí a bhí ceadaithe ag an Roinn sin i bhfeidhm agus tá sí sásta gur íocadh táillí go cuí.

**5.4 Íocaíochtaí Téarfa/Iomarcaíochta**

I rith 2016, íocadh íocaíochtaí téarfa agus iomarcaíochta le cúigear ball foirne, ab ionann iad agus €169,202 ó phárolla foirne na Roinne. Ba é €64,099 an tsuim ba mhó a íocadh in íocaíocht téarma agus iomarcaíochta in éineacht.

I rith 2016, íocadh suimeanna iomarcaíochta de €2,115,850 le 331 ball foirne neamhtheagaisc - a chuimsigh íocaíocht as suimeanna iomarcaíochta reachtúla agus neamhreachtúla. Sháraigh 73 íocaíocht iomarcaíochta €10,000. Ba é €74,678 an tsuim ba mhó a íocadh. Íocadh baill foirne a bhí ag fáil iomarcaíochta trí phárolla múinteoirí na Roinne, i gcáil na Roinne mar phá-mháistir do scoileanna áirithe.

**5.5 Ró-íocaíochtaí**

**(a) Foireann riaracháin ró-íocaíochtaí tuarastal**

Ba é €324,496 (132 cás) (2015: €394,000 (262 cás)) méid na ró-íocaíochtaí ag deireadh bliana.

Díobh siúd, tá 57 plean aisghabhála i bhfeidhm, aithníodh luachanna ró-íocaíochta aitheanta i 51 cás eile ach ní raibh siad i bhfeidhm ag deireadh bliana. Sna 24 cás eile, níorbh eol méid na haisíocaíochta ag deireadh bliana.

**(b) Ró-íocaíochtaí pinsean forlíontach**

Ba é €1.6 milliún na ró-íocaíochtaí pinsean forlíontach ag deireadh bliana. Den 320 cás bunaidh, íocadh 308 cás ina n-iomláine nó tá socrú aisíocaíochta déanta maidir leo.

I 2012, chuir Rannóg Aoisliúntais na Roinne athbhreithniú i gcrích ar phinsinéirí thar aois 65 a bhí ag fáil pinsean forlíontach.

Tar éis an athbhreithnithe, fuarthas go raibh 320 pinsinéir ann nach raibh i dteideal an phinsin fhorlíontaigh seo níos mó de bhrí go raibh siad fáil pinsean stáit ón Roinn Coimirce Sóisialaí, leis.

Bhí luach iomlán de €2.8 milliún go comhlán leis na ró-íocaíochtaí pinsin do na 320 pinsinéir seo ar fho-mhírcheann A.8.

Cuireadh tús le haisghabháil na ró-íocaíochtaí in Iúil 2015 tar éis caidreamh mionsonraithe thar 18 mí idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim i dtaca leis na himpleachtaí cánach do phinsinéirí aon réimis aisíocaíochta i dtaca le haisíocaíochtaí a rinneadh a bhí lasmuigh de theorainn ama 4 bliana na gCoimisinéirí Ioncaim, agus caidreamh ina dhiaidh sin leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar a bhfuarthas ceadú chun an t-iomlán a aisghabháil, glan ar asbhaintí reachtúla i gcás aisíocaíochtaí atá lasmuigh de theorainn ceithre bliana na gCoimisinéirí Ioncaim.

Laghdaíodh an méid a bhí le haisghabháil, mar sin go €2.3 milliún i 2016 tar éis nósanna imeachta chun asbhaintí reachtúla a chur san áireamh.

Ba é €0.7 milliún na haisíocaíochtaí carnacha go deireadh 2016. Tá aisíoc an €1.6 milliún a bhí amuigh ag 31 Nollaig 2016 ag leanúint ar aghaidh.

**(c) Ró-íocaíochtaí le múinteoirí/neamh-mhúinteoirí agus pearsanra ar scor**

Bhí luach de €4.1 milliún le ró-íocaíochtaí i dtaca le múinteoirí, foireann neamhtheagaisc agus pearsanra ar scor (gan na ró-íocaíochtaí forlíontacha pinsin a chur san áireamh a ndearnadh tagairt dóibh thuas) i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha ag 31 Nollaig 2016 le hais ró-íocaíochtaí de €3.8 milliún ag 31 Nollaig 2015.

Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm maidir le gach ró-íocaíocht a bhí ann ag deireadh 2016.

Gníomhaíonn an Roinn mar phámháistir ar son údaráis bhainistíochta i mbreis is 3,700 scoil, agus bíonn sí ag brath, mar sin de, ar na húdaráis scoile go gcuirfidís na sonraí a theastaíonn faoina mbráid do cheapachán/íocaíocht agus stad íocaíochtaí foirne ar bhonn tráthúil.

Is féidir go dtarlóidh ró-íocaíochtaí freisin mura leithdháiltear dóthain ama do chur i bhfeidhm cinntí nua Buiséid agus comhaontuithe nua caidrimh thionsclaíoch.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cistiú AE

Tá fáltais maidir le cistiú AE a fuarthas le linn 2016 agus a cuireadh i dtaisce le leithreasaí i gcabhair sonraithe sa tábla thíos:

| **Catagóir chistithe AE** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| E.2.1 Pá CSE | 26,652 | 18,947 |
| E.2.1 Neamhphá CSE | 11,422 | 8,120 |
| E.2.2 Cláir CECD | 1,970 | – |
| E.2.3 Tionscadail oideachais CE | 344 | 312 |
| | **40,388** | **27,379** |

***Fáltais CSE 2016 (pá agus neamhphá)***

Áiríodh sa chaiteachas taifeadta ó na fho-mhírchinn seo a leanas ó Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna fáltais CSE i bhfo-mhírcheann E.2.1 de €38,073,690 (€26,651,583 pá agus €11,422,107 neamhphá) a fuarthas i 2016 agus a thaispeántar mar leithreasaí i gcabhair. B.3, B.4, B.5, C.4 agus C.11.

***Fáltais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú 2016***

Íocadh €725,000 de chó-mhaoiniú AE maidir le soláthar seirbhísí faoi chlár Andersen Ireland CECD agus €1.245 milliún i dtaca le clár Lufthansa Technik Airmotive Ireland CECD ar leithreasaí i gcabhair Oideachais agus Scileanna le haghaidh 2016. Deontais a soláthraíodh sa ghnáthchúrsa gnó do chomhlachtaí a sholáthraíonn seirbhísí faoi na cláir – lena n-áirítear SOLAS, boird oideachais agus oiliúna, an tÚdarás um Ardoideachas, institiúidí tríú leibhéal agus oifigí áitiúla fiontair a bhí i bhformhór na gcostas a thabhaigh an Roinn.

***Tionscadail oideachais CE***

Áiríodh ar fháltais i 2016 faoi thionscadail oideachais CE íocaíochtaí cúiteacha do chostais riaracháin maidir le freastal ar an Centre for European Schooling, Dún Seachlainn, Co. na Mí, gníomhaíochtaí faoi rannpháirtíocht na hÉireann i líonra faisnéise Eurydice an Choimisiúin Eorpaigh agus tionscadal Eurostudent VI 2016-2018.

### 6.2. Cistiú díreach AE do chomhlachtaí faoi choimirce na Roinne 2016

I dteannta na ndeontas ón Vóta, ba é seo a leanas an cúnamh díreach ón Aontas Eorpach chuig comhlachtaí faoi choimirce na Roinne i rith 2016:

| **Comhlacht coimirce** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **Cistiú** | **Cistiú** |
| | **€000** | **€000** |
| An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas | 71 | 142 |
| Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann | 988 | 721 |
| Léargas | 13,248 | 8,279 |
| | **14,307** | **9,142** |

***An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas***

Fuair an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas cistiú AE i dtaca le gníomhaíochtaí tionscadail Euroguidance, An Líonra Beartas um Threoir Eorpach, Scoileanna Eorpacha agus tionscadal PLOTEUS i 2016. B'ionann agus €70,588 i 2016 an cistiú seo.

***Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)***

Fuair an QQI cistiú AE i dtaca lena ghníomhaíochtaí EQAVET, EQF (An Creat Eorpach um Cháilíochtaí), EUROPASS agus IQAVET (Pointe Tagartha Náisiúnta na hÉireann don Dearbhú Cáilíochta Eorpach i mBreisoideachas agus Oiliúint) i 2016. B'ionann agus €988,241 i 2016 an cistiú seo.

***Léargas***

Fuair Léargas cistiú AE i dtaca le Erasmus +, Eurodesk, ECVET, Etwinning Epale agus Euroguidance. Níor cuireadh cistiú AE do Léargas san áireamh roimhe seo sa nóta seo.

**6.3 An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú**

***Cláir CECD na hÉireann***

Gníomhaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna (an Roinn) mar Údarás Bainistíochta na hÉireann don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CEC) in Éirinn. Cuirtear iarratais ar chó-mhaoiniú AE faoi CECD, bunaithe ar bhuiséad comhaontaithe, faoi bhráid na Roinne roimh an chlár agus taisctear é i gcuntas coinneála ar feitheamh ar íocaíocht amach le heagraíochtaí bunaithe ar fhíorchaiteachas a iompraíodh le linn shaolré an chláir. I gcás gur lú an caiteachas ná an méid a buiséadaíodh, bíonn có-mhaoiniú neamhúsáidte iníoctha leis an AE tar éis dheireadh an chláir.

Rinneadh deich n-iarratas rathúil ar chó-mhaoiniú CECD. arbh fhiú €68 milliún iad, ar son na hÉireann. Bhí ocht gclár tugtha chun críche faoi dheireadh 2016 agus tugadh an 9ú clár, i dtaca le Lufthansa Technik Airmotive Ireland, chun críche i Márta 2017. Tabharfar an 10ú clár, i dtaca le PWA International, le €442,000 de chó-mhaoiniú, chun críche i Nollaig 2017.

Ba é €64.48 milliún an caiteachas iomlán ar na naoi gclar CECD a tugadh chun críche, rud ab ionann agus 61% den leithdháileadh cláir – sárú de 55% ar an ngnáthráta úsáide do chó-mhaoiniú AE.

Scaipeadh €41.1 milliún de chó-mhaoiniú AE ar eagraíochtaí a sholáthair/mhaoinigh seirbhísí faoi na naoi gclár foirceanta. I measc na n-eagraíochtaí sin bhí an Roinn féin, an Ciste Náisiúnta Oiliúna agus an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Aisíocadh €25 milliún de chó-mhaoiniú AE neamhúsáidte chuig an AE i gcas seacht gcinn de na clair dúnta. Meastar go n-iarrfar aisíoc an chó-mhaoinithe neamhúsáidte AE i gcás chlár Andersen Ireland agus Lufthansa Technik de €411,500 agus €700,744 faoi seach, i 2017.

Leagtar amach sa tábla thíos na cláir CECD a bhí gníomhach i 2016, mar aon le hachoimre ar na seacht gclár a tugadh chun críche roimhe seo agus a socraíodh leis an gCoimisiún Eorpach.

| Clár | Ráta an chó-mhaoinithe AE | Leithdháileadh cláir | Caiteachas cláir | Fáltais ón AE | Có-mhaoiniú AE nár úsáideadh a aisíocadh don Choimisiún Eorpach |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Andersen Ireland | 60% | 2,502 | 1,816 | 1,501 | 412 |
| Lufthansa Technik Airmotive Ireland | 60% | 4,151 | 2,983 | 2,491 | 701 |
| PWA International | 60% | 737 | — | 442 | — |
| Cláir a tugadh chun críche roimhe seo leis an gCoimisiún Eorpach | 50% – 65% | 98,607 | 59,682 | 63,286 | 25,062 |
| | | **105,997** | **64,481** | **67,720** | **26,175** |

[a] Áirítear air €2,974 maidir le có-mhaoiniú 65% de chaiteachas faoi chláir 41 agus 71 NACE a aisíocadh leis an Roinn go déanach i 2015 agus a aisíocadh ó shin leis an gCoimisiún.

Tá cómhaoiniú náisiúnta curtha ar fáil go dtí seo ó:

- An Roinn Oideachais agus Scileanna, fo-mhírchinn B.3 – tacaí agus liúntais oiliúna, cúnamh teicniúil, B.4.1 – tacaí fiontraíochta, B.5 – tacaí agus liúntais oideachais an dara leibhéal, C.4 – tacaí oideachais an tríú leibhéal, C.11 – deontais chothabhála do mhic léinn
- An Ciste Náisiúnta Oiliúna (treorú, tacaí agus liúntais oideachais agus oiliúna agus cúnamh teicniúil)
- An Roinn Coimirce Sóisialaí – Vóta 38 – Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas agus tacaí seirbhíse fostaíochta.

### 6.4 Coimisiúin agus fiosruithe

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go 31 Nollaig 2016 | Caiteachas i 2016 | Caiteachas i 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| An Coimisiún um Mí-úsáid Leanaí a Fhiosrú | 1999 | 80,667 | 730 | 1,290 |
| An Scéim Sásamh d'Institiúidí Cónaithe[a,b] | 2002 | 1,239,335 | 2,675 | 12,370 |
| | | **1,320,002** | **3,405** | **13,660** |

[a] Is le €1,197 milliún de ranníocaíochtaí ón Státchiste agus €42 milliún de ranníocaíochtaí a fuarthas ó na cuallachtaí reiligiúnach faoi Chomhaontú Slánaíocht 2002 a maoiníodh an caiteachas iomlán de €1,239 milliún ar an Scéim Sásamh d'Institiúidí Cónaithe ag deireadh 2016.

Iompraíodh €10 eile de chaiteachas i dtaca le socraíochtaí cúirte de bhun Chomhaontú Slánaíochta 2002, ina bhforáiltear nach bhfuil cuallachtaí reiligiúnacha faoi dhliteanas maidir le cásanna a shocraítear sa chúirt agus lasmuigh den scéim sásamh.

[b] Chuimsigh costas de €1,239 milliún an Scéim Sásamh d'Institiúidí Cónaithe ag deireadh 2016 caiteachas de €9.5 milliún a thabhaigh an Coiste Athbhreithnithe ar Institiúidí Cónaithe.

**Cuntas Speisialta um Shásamh i leith Foras Cónaithe faoi Théarmaí an Chomhaontaithe Slánaíochta**

D'fhoráil Alt 23 den Acht um Shásamh i leith Foras Cónaithe 2002 go mbunófaí Cuntas Speisialta arna mhaoiniú as "airgead a sholáthróidh an tOireachtas" agus ag "duine, le toiliú an Aire (Oideachais agus Eolaíochta) agus an Aire Airgeadais". Mar aon leis an airgead a sholáthraíonn an tOireachtas, tagann maoiniú i gcomhair an chuntais speisialta as airgead a thugtar faoi théarmaí an chomhaontaithe slánaíochta idir an Stát agus na cuallachtaí reiligiúnacha a dhéanann ranníocaíochtaí. Tá liosta de na cuallachtaí reiligiúnacha a dhéanann ranníocaíochtaí sa chéad sceideal den chomhaontú sin. Úsáidtear airgead ón gcuntas speisialta chun íoc as dámhachtainí a dhéanann an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe agus as costais ghaolmhara dlí agus socraíochta. Tá an cuntas speisialta faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**Cuntas Infheistíochta an Chiste Reachtúil i leith Foras Cónaithe arna bunú ag Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**

In Aibreán 2010, d'fhógair an Rialtas go raibh sé de rún aige feidhm a bhaint as €110 milliún de na ranníocaíochtaí a thairg na cuallachtaí reiligiúnacha chun ciste reachtúil a bhunú agus a oibriú d'fhonn tacú le riachtanais mharthanóirí na drochúsáide leanaí sna forais chónaithe. Fad a bheadh bunú an chiste reachtúil ar feitheamh, osclaíodh cuntas ústhorthach speisialta, faoi chomhsmacht na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus na Roinne Oideachais agus Scileanna, sa Bhanc Ceannais chun na ranníocaíochtaí airgid a ghlacadh ó na cuallachtaí reiligiúnacha.

Tar éis thosach feidhme an Achta um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe 2012 agus tar éis do Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta cuntas infheistíochta an Chiste Reachtúil Foras Cónaithe a bhunú, aistríodh iarmhéid €41,3 chuig cuntas Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i 2013, de réir ailt 29(1) d'Acht 2012. Dúnadh an cuntas Bainc Ainmnithe lárnach ina dhiaidh sin i 2013.

Fuarthas €54.8 milliún idir 2013 agus 2016 agus an dá bhliain san áireamh, ó chuallachtaí réigiúnacha agus taisceadh é i gcuntas infheistíochta an Chiste Reachtúil Foras Cónaithe. Ag 31 Nollaig 2016, b'ionann agus €96.1 milliún na taiscí iomlána isteach i gcuntas Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Forálann Acht 2012 go bhféadfaidh Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta suimeanna a íoc leis an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe (a úsáideann an t-ainm Caranua), arb éard a bheidh iontu ná suimeanna a bheidh iarrtha chun íoc as caiteachas a thabhóidh sé ó thaobh a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Forálann Acht 2012 freisin go n-íocfaidh Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta suimeanna a bheidh iarrtha ag an Aire Oideachais agus Scileanna chun íocaíochtaí a dhéanamh le hoifigeach neamhspleách na n-achomharc arna cheapadh faoi alt 21 d'Acht 2012. Tá cuntais an Chiste Reachtúil Foras Cónaithe faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**6.5 Dámhachtainí dlíthiúla**

| | Líon na gcásanna | Cúiteamh a dámhadh | Costais dlí dáfa | Costais dlí a d'íoc an Roinn | 2016 Iomlán | 2015 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó bhaill den Roinn** | — | — | — | — | — | — |
| **Éilimh ó bhaill den phobal** | | | | | | |
| Dochar d'éilimh maidir le maoin | — | — | — | — | — | 50 |
| Éilimh maidir le díobháil | 27 | 858 | 752 | — | 1,610 | 341 |
| | **27** | **858** | **752** | — | **1,610** | **391** |

Aithnítear sa tábla thuas costais agus táillí dlí a d'íoc an Roinn go díreach agus ní léirítear ann costais dlí comhlachtaí eile a fhaigheann tacaíocht ó fho-mhírchinn vótáilte.

Ba iad €2.02 milliún (2015: €2.6 milliún) an méid a thabhaigh an Roinn i gcostais dlí i ngnó laethúil na Roinne, agus áirítear air na costais agus na dámhachtainí cúitimh atá liostaithe thuas.

**6.6 Dliteanas teagmhasach**

**Binse fiosruithe droch-úsáid leanaí agus sásamh**

Beidh íocaíochtaí eile le déanamh i gcás an Choimisiúin um Mí-úsáid Leanaí a Fhiosrú agus an Scéim Sásamh d'Institiúidí Cónaithe.

Ba é €80.67 milliún an caiteachas ar an gCoimisiún um Mí-úsáid Leanaí a Fhiosrú óna thús go deireadh 2016. Meastar go bhféadfadh €1 milliún de chostais bhreise a bheith de dhíth chun costais fanta an Choimisiúin a ghlanadh.

Ba é €1,249 milliún an caiteachas ar shásamh institiúideach go deireadh 2016. Meastar go bhféadfadh €500,000 de chostais eile a bheith le híoc ar a n-áirítear soláthar le haghaidh aon dámhachtainí a d'fhéadfadh teacht chun cinn tar éis scor an Bhoird Sásamh d'Institiúidí Cónaithe.

**6.7 Díscríobhanna**

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain:

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Orduithe iníoctha a tiontaíodh go hairgead tirim i gcásanna neamhrialta | — | 8 |
| Ró-íocaíocht deontas teagaisc | 47 | 12 |
| Réamhíocaíochtaí oidhreachta do mhodhscoileanna & ionad múinteoirí | 24 | — |
| | **71** | **20** |

**6.8 Calaoisí, calaois amhrasta agus neamhrialtachtaí**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Calaois | 9 | — |
| Úsáid mírialta cistí scoile | 82 | 40 |
| Calaois amhrasta | 158 | 4 |
| | **249** | **44** |

Cuireadh 13 chás nua de chalaois/neamhrialtacht amhrasta in iúl don Roinn i 2016, agus déantar tagairt do shé cinn díobh sa tábla thuas.

Ní raibh dóthain faisnéise ar fáil chun na seacht gcás eile a chatagóiriú de bhrí go bhfuil imscrúduithe ar siúl i gcónaí le fáil amach cibé an cásanna calaoise/mírialtachta iad nó earráidí an duine.

Leanfaidh an Roinn de gach iarracht réasúnta a dhéanamh chun cistí Státchiste a aisghabháil i gcás calaoise nó neamhrialtachta.

**6.9 Ús ar íocaíocht dhéanach**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| Ús iomlán iníoctha | €3,000 | €4,400 |
| Líon na bhfaighteoirí de €10,000 nó níos mó | — | — |

Tháinig ús agus cúiteamh íocaíochta pras chun cinn i 2016 i gcás íocaíochtaí le 33 soláthraí de chuid na Roinne.

**6.10 Caiteachas ar chóiríocht shealadach scoile**

Chuimsigh an caiteachas i rith 2016, faoi fho-mhírcheann D.3.3, suimeanna arbh éard a bhí iontu ná €25.2 milliún go hiomlán i dtaca le háitribh shealadacha (2015: €18 milliún).

**6.11 Iontaobhais Oideachais**

Infheistíodh luach €2.262 milliún d'iontaobhais oideachais thar ceann na Roinne i gciste coiteann infheistíochta faoi mhaoirseacht an Rialálaithe Carthanas ag deireadh 2016. Is é an tAire Oideachais agus Scileanna iontaobhaí na n-iontaobhas oideachais seo i gcónaí.

**6.12 Tabhairt Anonn Buiséid**

Níor bhain Vóta 26 leas as aon tabhairt anonn buiséid ó 2016 go 2017.